

FEAR NA MBÉICEADHACH

Bhí mé seacht déag nó ocht déag de bhlianta nuair a tháinig Fear na mBéiceadhach sa tír seo. Chaith sé dhá bhliain ann siar 's aniar. Chaith sé an fhad sin ann dearbhtha ann má bhí sé taobh leis. Ní fhaca aon duine ariamh é ach chluinidís an séideán an-mhór as an-ghar dóibh. Ó ghabhadh grian i dtalamh dá mbeadh oidhche dhortha ann chluinfeá é ach go dtí ní chluinfeá, agus uair ar bith go mbeadh sé ina lá arís ní raibh aon am áithrid aige. Ag sgreadach 's ag béiceadhach a bhíodh sé i gcomhnaidhe. Dá mbeadh oidhche gharbh mhórbháistighe ann níor mhaith leat a bheith ag éisteacht leis an allagar truaighmhéalach a bhíodh aige.

Rud coimhthigheach a bhí ann. Nuair a chluineadh na cearca é a bhí istigh ar an lota thagadh colg ar a ggraceann ag gogaoil iad féin nuair a d'airídís é sin. Chuala mé gur ar a' gCarraig an chéad áit a gcluintheas sa tír seo é. Tháinig sé roimh fear annsin. Chuir an fear umluidheacht air imtheacht agus gul go Mám Tuirc. D'imthigh sé go Mám Tuirc. Is as sin a chluintheas annseo é.

Bhí mé féin agus Antoine Sárséal ag gul ag cuartaidheacht oidhche i dteach den bhaile. Chualamar an glór os cionn dhá chéad slat uainn.

"Seo é Fear na mBéiceadhach" arsa Antoine.

"Sé" adeirim féin.

Ní raibh an dara focal ráidhte ag ceachtar againn nuair a d'ísligh sé anuas i bhfoisgeacht chúig slata nó sé slata dúinn agus rinne sé torann go díreach mar dhéanfadh capall a mbeadh srathar uirthe a chraithfeadh í féin nuair a bhainfeá na cléibh duithe.

Ghearr Antoine mionnaí móra.

"Seo anois é" adeir sé, "go dteighimuid isteach go bhfeicimuid cén sórt é." Ní raibh an claidhe a bhí idir é féin agus muid féin trí troithe ar airde baileach. Chuir Antoine leathchos isteach thar an gclaidhe de léim. Ní raibh am aige an chos eile a thabhairt isteach. Bhí mise i mo sheasamh leis an gclaidhe ag gul isteach mé féin nuair a chuir sé béic as bordáil trí chéad slat uainn, ma bhí sé taobh leis. Sin í an oidhche is goire a bhí mé ariamh dó, a d'airigh mé. Agus ní raibh aon fhaithíos orainn roimhe ach an oiread.

Níor thug Pádraic Ó Ní isteach ariamh go raibh taidhbhse ar bith ann go dtí aon oidhche amháin a d'eirigh sé amach. Bhí sé ina sheasamh ag binn a thighe. Chuala sé Fear na mBéiceadhach a' sgreadach ag gul aniar ag bun a' chroic agus d'ísligh sé anuas níos goire don bhaile. Bhí claidhe tórainn idir é féin agus an fear ba ghoire dó. Bhí an claidhe tórainn dearbhtha timpeall le seacht dtroighthe ar airde agus bunáite an chlaidhe dhá throigh ar leithead. Nuair a tháinig Fear na mBéiceadhach go dtí an claidhe b'fhacthas do Phádraic, agus bhí sé dearbhtha nár fhága sé aon chloch insa gclaidhe gan leagan. Is dóchaidhe nach é a bheannú a rinne sé faoin obair a bhí aige féin agus an fear eile lá ar na bhárach. D'eirigh sé

ar maidin agus sé an chéad rud a rinne sé dearcadh ar an gclaidhe go bhfeiceadh sé an méid a bhí leagtha de. Shiubhail sé leis an gclaidhe. Ní bhfuair sé leagtha ach aon bhearna bheag amháin agus agus níl aon chloch ariamh dár leagadh as an gclaidhe nach raibh braon fola uirthi. Tháinig sé chugam féin lá ar na bhárach agus dubhairt sé liom nach raibh aon mhaith dá rádh nach raibh rud eicínt coimhthigheach i bFear na mBéiceadhach nach raibh aon sgil ag aon duine ann.

Bhí mé ag obair ar bhóthar Bhundorcha blianta ó shoin agus bhí mé ar lóistín i dteach Thomáis Uí Chadhain i gCondae Mhuigheo. Insa seanchus oidhche thosuigheamar a’ cainnt ar Fhear na mBéiceadhach agus d’fiafruigh me daoifa, dó féin agus dá bhean a raibh sé dá cloisteál ins an áit seo. Thosuigh chaon duine aca ag gáiridhe.

“M’anam muise go bhfuil” arsa Tomás Ó Cadhain. “Bhí mé ins an ngeimhreadh seo caitheadh i mo mhaor éisg agus nuair a cheap mé go raibh sé in am a thigheacht abhaile bhí mé a teannadh aníos an bóthar. Bhí cuide de mhuinntir na háite ag imirt cártaí i mbaraic na bpóilís. Chuaidh mé chuca isteach agus chaith mé sgathamh ann. D’fiauigheadar díom a raibh mé a’ gul abhaile. Dubhairt mé leofa go raibh. Dubhairt siad go mbéarfadh Fear na mBéiceadhach orm. Dubhairt mé leofa nach raibh faitchíos ar bith agam roimhe. Ní raibh achar ar bith siubhalta a’m ón mbaraic nuair a chuala mé thall i gCnoc Chailleach na nGabhar é agus ba fiadháin an glór a chuir sé as. Dubhairt mé liom féin go raibh sé an-fhada uaim. Ní raibh achar ar bith siubhalta a’m nuair a chuala mé an torann sa loch – Dubhloch – agus dheifrigh mé ar mo chois agus d’airigh mé béic nó dhó eile uaidh.

Bhí teach de na Búrcaigh ní ba ghoire dhom ná mo theach féin. Dubhairt mé go ngabhfaínn suas go dtí teach a’ Bhúrcaigh go leiginn tharm é, bhí sé chomh gar sin dom. Chuaidh mé de léim isteach thar dhraín an bhóthair i ngarrdha an Bhúrcaigh. Thuit mé nuair a chuaidh mé isteach, leagadh mé. B’facthas dom go ndeachaidh smúdar dubh tharm an bóthar. Níl fhios agam cáide a bhí mé sínte sa ngarrdha ach nuair a tháinig mo mheabhair dom chuaidh mé amach arís agus tháinig mé abhaile ag mo theach féin agus ní shílím gur airigh mé ariamh ó shoin é.”

Beannacht Dé le n’anam, bhí sé dhá innseacht sin dom. Ba geanamhail an fear é agus ba luath láidir an fear é.

12/10/37